C/2025/3697

11.7.2025

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge táisc gheografaigh i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2025/3697)

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Pimentón de la Vera'

Uimh. AE: PDO-ES-0321-AM01 — 29.4.2025

1. **Ainm an táirge**

'Pimentón de la Vera'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☒ Ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint (ATFC)

☐ Tásc geografach faoi chosaint (TGFC)

☐ Tásc geografach (TG)

3. **Earnáil**

☒ Táirgí talmhaíochta

☐ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **An tír ar léi an limistéar geografach**

an Spáinn

5. **Údarás an Bhallstáit atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

Dirección General de Agricultura y Ganadería [Ard-Stiúrthóireacht na Feirmeoireachta Barr agus Beostoic], Consejería de Agricultura, Desarrollo Rural, Población y Territorio de la Junta de Extremadura [An Aireacht Talmhaíochta, Forbartha Tuaithe, Daonra agus Críche Rialtas Phobal Féinrialaitheach Extremadura]

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Meastar gur leasú caighdeánach é an leasú ar shonraíocht táirge ATFC 'Pimentón de la Vera' toisc nach dtagann sé faoi aon cheann de na catagóirí dá bhforáiltear in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1143/2024.

7. **Tuairisc ar an leasú (nó ar na leasuithe) formheasta**

1. *Leasú ar na tuairiscí orgánaileipteacha ar an bpaiprice 'ocal' nó searbhmhilis*

Leasú ar Roinn 2.2.1 'Saintréithe orgánaileipteacha' den tsonraíocht táirge agus ar Roinn 3.2 'Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)' den doiciméad aonair.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

Rinneadh saintréithe orgánaileipteacha na paiprice ‘ocal’ nó searbhmhilse a athrú mar a leanas: dianbhlas, atá go hiomlán milis nó beagáinín géar sa bhéal.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

2. *Leasú ar fhoclaíocht na roinne a bhaineann leis an limistéar geografach*

Leasú ar Roinn 3, ‘Limistéar geografach’, den tsonraíocht táirge agus ar Roinn 4, ‘Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach’, den doiciméad aonair.

Rinneadh leasú beag ar fhoclaíocht na roinne a bhaineann leis an limistéar geografach. I ndáiríre, ní bhaineann sé sin le hathrú ar an limistéar geografach a chumhdaítear, ós rud é nár méadaíodh ná nár laghdaíodh an limistéar a chumhdaítear. (Níl aon athrú ar an limistéar iomlán a chumhdaítear leis an ATFC.)

Ní bhaineann an leasú ach le bardais a áireamh nach raibh iontu ach mion-eintitis áitiúla in 2007 agus atá tagtha chun bheith ina mbardais neamhspleácha ó shin. Tapaíodh an deis freisin chun a shoiléiriú cé na ceantair ar leo cuid de na bardais.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

3. *Leasú a bhaineann le buaint na bpiobar*

Leasú ar Roinn 5.1.3 den tsonraíocht táirge agus ar Roinn 5.3 den doiciméad aonair.

Tugadh isteach an fhéidearthacht na piobair a bhuain go meicniúil seachas de láimh amháin agus, an tráth céanna, a gcáilíocht á háirithiú i gcónaí.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

4. *Leasú a bhaineann le srianta ar úsáid trádmharcanna*

Leasú ar Roinn 8, ‘Eilimintí lipéadaithe atá nasctha le hainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint “Pimentón de la Vera”’, den tsonraíocht táirge.

Cuireadh deireadh le roinnt srianta ar úsáid trádmharcanna in imthosca áirithe.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

5. *Roinn 9 den tsonraíocht táirge a scriosadh*

Rinneadh Roinn 9 den tsonraíocht táirge, maidir leis an reachtaíocht is infheidhme, a scriosadh toisc nach bhfuil sin san áireamh a thuilleadh i sonraíochtaí táirge.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

‘Pimentón de la Vera’

Uimh. AE: PDO-ES-0321-AM01 — 29.4.2025

ATFC (X) TGFC ( )

1. **Ainm nó ainmneacha (an ATFC nó an TGFC)**

‘Pimentón de la Vera’

2. **Ballstát nó tríú tír**

an Spáinn

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó táirge bia**

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 09 — CAIFE, TAE, MAITÉ AGUS SPÍOSRAÍ

0904 — Piobar den ghéineas *Piper*; torthaí triomaithe, brúite nó meilte den ghéineas *Capsicum* nó den ghéineas *Pimenta*

0904 22 — Brúite nó meilte

3.2. ***Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)***

Is éard a chiallaíonn paiprice ag a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Pimentón de la Vera' an táirge a fhaightear trí mheilt agus triomú torthaí lándearga chineálacha 'Jaranda', 'Jariza' agus 'Jeromín' de chuid an ghrúpa 'Ocales', agus chineál 'Bola', den speiceas luibheolaíoch *Capsicum annuum* L. agus *Capsicum longum* L., a bhailítear agus iad aibí, sláintiúil agus glan, agus nuair a bhíonn an dath is gnách don chineál orthu, agus iad saor ó lotnaidí nó galar, agus úsáid á baint as dair agus/nó adhmad darach toilm de réir bhealach traidisiúnta La Vera, agus ar paipric é a thagann ón limistéar táirgeachta sonraithe.

Is táirge é Pimentón de la Vera a bhfuil blas agus dea-bholadh deataithe air agus a dhéantar dian agus treáiteach mar gheall ar an bpróiseas triomaithe a chuirtear i bhfeidhm ar na piobair. Bíonn dath dúdhearg air agus bíonn sé measartha lonrach. Roinneann sé a dhath go bríomhar, go háirithe leis na cineálacha ón ngrúpa 'Ocales' ná mar atá i gceist leis gcineál 'Bola'. Bíonn blas, dea-bholadh agus dath an-chobhsaí le himeacht aimsire, go príomha mar gheall ar an bpróiseas mall triomaithe a chuirtear i bhfeidhm ar na piobair.

Ag brath ar an mblas, féadfar an paiprice a roinnt ina thrí ghrúpa:

— Paiprice milis: blas séimh, a bhíonn go hiomlán milis. Déanta as na cineálacha 'Bola' agus 'Jaranda'.

— Paiprice 'ocal' nó searbhmhilis: dianbhlas, a bhíonn go hiomlán milis nó beagáinín géar sa bhéal. Déanta as na cineálacha 'Jaranda' agus 'Jariza'.

— Paiprice te: thar a bheith te sa bhéal. Déanta as na cineálacha 'Jeromín', 'Jariza' agus 'Jaranda'.

Saintréithe fisiciceimiceacha:

— Ní mór an paiprice a mheilt ionas go rachaidh sé trí chriathar nó scáileán Uimh. 16 ar scála ASTM (rud atá coibhéiseach le mogall 1,19 mm).

— Saintréithe anailíseacha:

  — Cion uasta taise, mar chéatadán: 14

  — Eastóscán uasta éitir in ábhar tirim, mar chéatadán: 23

  — Snáithín amh uasta in ábhar tirim, mar chéatadán: 28

  — Luaith uasta in ábhar tirim, mar chéatadán:

    — iomlán (uasmhéid) 9 — dothuaslagtha (uasmhéid) 1

  — Dath*, aonaid ASTA: íosmhéid 90

3.3. *Beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (i gcás táirgí próiseáilte amháin)*

Ní mór torthaí na gcineálacha piobair a liostaítear i Roinn 3.2 teacht ón limistéar táirgeachta sainithe.

3.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Ní mór na próisis uile i dtáirgeadh Pimentón de la Vera a dhéanamh sa limistéar geografach.

Tá dhá chéim ann sa phróiseas táirgthe le haghaidh Pimentón de la Vera. Is é atá sa chéad cheann ná na piobair a thriomú, rud a dhéanann na feirmeoirí féin sa limistéar táirgeachta sin i seomraí triomúcháin ar a ngabháltais. Is é atá sa dara ceann ná na piobair thriomaithe a mhuilleáil, rud a dhéantar i ngléasraí muilleála atá suite laistigh den limistéar geografach a chumhdaítear leis an ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint.

3.5. ***Rialacha sonracha maidir le sliseadh, grátáil, pacáistiú, etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe***

Maidir le pacáistíocht 'Pimentón de La Vera', ní mór cosaint an táirge a áirithiú agus ní mór a airíonna a chaomhnú leis. Ní mór an phacáistíocht a bheith nua agus ní mór í a bheith déanta as ábhar údaraithe nach féidir difear a dhéanamh do shaintréithe an táirge ná bolaithe ná blasanna a tharchur chuig an táirge. Ní mór an phacáistíocht a bheith údaraithe ag an mBord Rialála.

Ní mór an phacáistíocht a bheith de chineál aonúsáide agus ní ceadmhach í a athúsáid in aon imthoisc.

Tá an limistéar pacáistithe mar an gcéanna go hiomlán leis an limistéar táirgeachta. Tá sin riachtanach chun rialú ceart an táirge a áirithiú.

3.6. ***Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe***

Ní mór paiprice a chumhdaítear leis an ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Pimentón de la Vera' a shainaithint go cuí le lógó an Bhoird Rialála ag gach céim den mhargaíocht.

Ní mór lógó an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint 'Pimentón de la Vera' a bheith ar gach pacáistíocht ina bhfuil an ATFC 'Pimentón de la Vera', mar aon le lipéad tánaisteach uimhrithe, agus ní fhéadfar í a sheoladh lena dhíol mura gcomhlíontar an ceanglas sin. Ní mór é a bheith dodhéanta an lipéad tánaisteach uimhrithe a athúsáid.

Ní mór trádmharcanna, ainmneacha cuideachta agus lipéid aitheantais na ngléasraí éagsúla a dhéanann Pimentón de la Vera a bheith formheasta ag an mBord Rialála lena n-úsáid ar an bpaiprice cosanta. Tá toirmeasc ar aon lipéid, marcálacha nó séalaí a úsáid a d'fhéadfadh mearbhall a chur ar an tomhaltóir.

4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Cuimsíonn limistéar táirgeachta na bpiobar a úsáidtear chun paiprice a dhéanamh a chumhdaítear leis an ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Pimentón de la Vera' na bardais seo a leanas de chuid na gceantar nádúrtha ar a dtugtar La Vera, Campo Arañuelo, Valle del Ambroz agus Valle del Alagón, i dtuaisceart Chúige Cáceres: Abadía, Alagón del Río, Aldeanueva de la Vera, Aldeanueva del Camino, Aldehuela del Jerte, Arroyomolinos de la Vera, Carcaboso, Casas del Monte, Casatejada, Casillas de Coria, Cilleros, Collado de la Vera, Coria, Cuacos de Yuste, El Toril, Galisteo, Garganta la Olla, Gargantilla, La Granja, Guijo de Galisteo, Guijo de Granadilla, Guijo de Santa Bárbara, Holguera, Jaraíz de la Vera, Jarandilla de la Vera, Losar de la Vera, Madrigal de la Vera, Majadas de Tiétar, Malpartida de Plasencia, Montehermoso, Moraleja, Morcillo, Navalmoral de la Mata, Pasarón de la Vera, Plasencia, Pueblo Nuevo de Miramontes, Riolobos, Robledillo de la Vera, Rosalejo, Saucedilla, Segura de Toro, Serrejón, Talaveruela de la Vera, Talayuela, Tejeda de Tiétar, Tiétar, Torrejoncillo, Torremenga, Valdeobispo, Valverde de la Vera, Viandar de la Vera, Villanueva de la Vera, Zarza de Granadilla.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

5.1. *Stairiúil*

Téann na chéad tagairtí do shaothrú piobar in La Vera siar go dtí an 16ú haois, nuair a shaothraigh bráithre Mhainistir na nIarómach iad i Mainistir Yuste (Cuacos de Yuste, ceantar La Vera).

Scaip an saothrú de réir a chéile ó La Vera go ceantair chomharsanacha Campo Arañuelo, Valle del Ambroz agus Valle del Alagón, é ag éirí níos tábhachtaí i gcaitheamh na mblianta i measc feirmeoirí mar gheall ar a bhrabúsacht.

Cuireadh tús le táirgeadh tionsclaíoch paiprice ag deireadh an 17ú haois agus bhí méadú suntasach air faoi lár an 18ú haois. An tráth sin, rinneadh na piobair a mheilt i muilte plúir uisce-chumhachtaithe a bhí suite in aice le sruthanna. D'fhág teacht an leictreachais go La Vera go bhféadfaí muilte leictreacha a úsáid, rud ar tháinig feabhsuithe mór sa tionscal dá thoradh, agus tosaíodh ar a bheith ag díriú ar phaiprice a tháirgeadh.

5.2. *Nádúrtha*

Rilíf

Tá an limistéar táirgeachta le haghaidh Pimentón de la Vera suite sa chuid íochtarach de shliabhraon Sistema Central, lena n-áirítear sléibhte Sierra de Gredos, Béjar agus Sierra de Gata, sléibhte is scáileán nádúrtha a chosnaíonn ceantair La Vera, Campo Arañuelo, Valle del Ambroz agus Vegas del Alagón ón aer fuar polach, rud a mbíonn geimhrí an-chineálta agus measartha mar thoradh air.

Mar thoradh ar na difríochtaí ó thaobh airde agus treoshuímh de, ar an bhfothain a sholáthraíonn na sléibhte agus ar bhuanseasmhacht dhomhain roinnt de na haibhneacha, tháinig miocraeráidí athraitheacha chun cinn, rud a d'fhéadfadh a bheith an-suntasach, mar is amhlaidh i gcás ghleann Abhainn Ambroz agus go háirithe i gcás ghleann Abhainn Tiétar i gceantar La Vera.

Ithir

Díorthaítear na hithreacha ó charraigeacha eibhreacha, a éiríonn as loch slogaide i líonra ionsrutha hidreagrafach, agus foirmíodh iad trí shil-leagan gláir. Is ithreacha iad sin ina bhfuil uigeacht ghainmheach, dúrabháin ghainmhigh agus ghainimh dhúrabhánaigh, agus próifílí lagfhorbartha acu, rud is cúis le hithreacha *Xerofluvent Typic* de réir aicmiú Mheiriceá. Áirithíonn na huigeachtaí ithreach sin síothlú maith uisce agus cuireann siad cosc ar leathbhá, a bhfuil piobair an-íogair ina leith.

A mhéid a bhaineann le haigéadacht, tá an pH sa raon idir 5 agus 6,5, atá an-oiriúnach chun piobair a fhás, toisc go bhfuil siad an-fhulangach ó thaobh aigéadachta de agus gur féidir iad a fhás in ithreacha ag a bhfuil pH 5,5 gan aon laghdú ar an mbuaint. Deimhnítear leis na sonraí nach bhfuil salainn san ithir ar chor ar bith, rud atá ina thoisc chinntitheach i gcás plandaí piobair, toisc go bhfuil siad an-íogair ó thaobh salandachta de, rud a mbíonn tionchar diúltach aige ar an mbuaint.

Aeráid

Tá aeráid ilchríochach Meánmhara sa limistéar, a ngabhann tionchair bheaga Atlantacha léi. Bíonn tréimhse thirim ann sa samhradh, bíonn geimhrí cineálta agus measartha ann, agus bíonn samhraí teo measartha ann. Maireann an tréimhse saor ó shioc ó mhí Aibreáin go mí na Samhna. Is é is cúis leis na teochtaí cineálta an chosaint a thugann sliabhraon an Sistema Central, rud a chuireann cosc ar ghaotha fuara séideadh isteach ón tuaisceart, agus gaotha teo ón iardheisceart den chuid is mó, rud a thugann miocraeráid ar leith don limistéar a chuireann borradh faoi fhorbairt an bhairr.

Bíonn an mheánfhrasaíocht idir 700 mm agus 1 200 mm. Bíonn an bháisteach ann san fhómhar agus san earrach den chuid is mó, agus bíonn ganntanas uisce ann sa samhradh, rud is cúis le huisciú a bheith ag teastáil chun piobair phaiprice a fhás.

Maidir leis an bpatrún báistí sin, go háirithe toisc go mbíonn báisteach ann go formhór san fhómhar, arb é an séasúr ina mbuantar na piobair, níl ach scóip theoranta ann chun na piobair a thriomú amuigh faoin ngrian mar a dhéantar go traidisiúnta in Murcia. Chuir an staid sin iallach ar fheirmeoirí in La Vera córas malartach triomúcháin a fhorbairt. Ba é an réiteach a fuarthas na piobair a thriomú agus úsáid á baint as an aer te agus as an deatach a tháirgtear trí adhmad a dhó, dair thoilm, dair choiteann agus dair choirc den chuid is mó, ó choillearnacha darach an limisteir arb iad is mó atá ann.

Is planda aeráide te iad na piobair, dála gach lus na hoíche, agus teastaíonn teas uathu chun fás agus forbairt optamach a dhéanamh, agus sin an fáth, inár leathsféar féin, gur gnáthphlanda samhraidh iad.

Is iad na teochtaí lae barrmhaithe ba cheart a bheith ann le haghaidh fáis agus forbartha 20 °C agus 25 °C agus ba cheart teochtaí na hoíche a bheith idir 16 °C agus 18 °C. Tagann méadú ar riachtanais teasa na bpiobar de réir mar a fhorbraíonn siad. Ní éiríonn go maith leo nuair a tharlaíonn athruithe tobanna ar theochtaí an lae agus ar theochtaí na hoíche agus dá bhrí sin oireann siad go han-mhaith do limistéir ina bhfuil aeráid chineálta, amhail an aeráid a sholáthraíonn an limistéar geografach a chumhdaítear leis an ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Pimentón de la Vera', mar thoradh ar an gcosaint a thugann sléibhte Sierra de Gredos. Cuireann teochtaí os cionn 32 °C agus faoi bhun 15 °C isteach go mór ar fhorbairt an phlanda. Éilíonn an barr taise shuntasach chomhthimpeallach thart ar 50 % go 70 %, go háirithe le linn na gcéimeanna bláthaithe agus téachta torthaí. Tá saintréithe Pimentón de la Vera nasctha go dlúth leis an ábhar plandaí dúchasach a úsáidtear agus leis an gcóras deatach-triomaithe a forbraíodh chun srian aeráide a bhaineann go sonrach leis an limistéar sin a shárú.

5.3. *Nasc cúisíoch idir an limistéar geografach agus cáilíocht agus saintréithe an táirge*

Maidir le saintréithe na miocraeráide a sholáthraíonn an limistéar táirgeachta mar thoradh ar an gcosaint a thugann sléibhte Sierra de Gredos, mar aon le hairíonna na n-ithreacha, atá scaoilte agus saor go hiomlán ó shalainn, chomh maith le cáilíocht an uisce a úsáidtear le haghaidh uisciúcháin, atá saor ó shalann freisin, ceadaíonn siad na cineálacha dúchasacha sin a shaothrú, rud táirgeann piobair a thugann blas ar leith don phaiprice a fhaightear uathu.

Cuirtear blas an chineáil le blas an phróisis deataithe, ar modh triomaithe é atá nasctha le saintréithe aeráide an limistéir, áit nach féidir triomú gréine a dhéanamh, rud a thugann a bhlas agus a dhea-bholadh saintréitheach, agus a dhath an-chobhsaí, don phaiprice.

Trí úsáid a bhaint as cineálacha dúchasacha, as deatach-triomú agus as úsáid muilte cloiche in La Vera ó bhí an 17ú haois ann, déantar idirdhealú idir an paiprice a tháirgtear ansin agus an paiprice a tháirgtear in áiteanna eile ar domhan. Tá a phearsantacht féin aige, as ar lean an paiprice a tháirgtear i dtuaisceart Cáceres agus úsáid á baint as an gcóras a thuairiscítear thuas ar paiprice é ar a dtugtar Pimentón de La Vera.

Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://www.juntaex.es/documents/77055/621148/Pliego+condiciones+DOP+Piment%C3%B3n+Vera.pdf